C/2025/352

20.1.2025

Foilsiú iarratais ar mhodhnú ar théarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 28(3) agus Airteagal 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta, lipéadú agus cur i láthair

‘Archivní víno’, ‘Burčák’, ‘Jakostní likérové víno’, ‘Jakostní šumivé víno stanovené oblasti (nó Sekt s. o.)’, ‘Jakostní víno’, ‘Jakostní víno odrůdové’, ‘Jakostní víno s přívlastkem’, ‘Jakostní víno známkové’, ‘Klaret’, ‘Košer (nó Košer víno)’, ‘Krášleno na kvasnicích’, ‘Labín’, ‘Mešní víno’, ‘Mladé víno’, ‘Panenská sklizeň’, ‘Panenské víno’, ‘Pěstitelský sekt’, ‘Pozdní sběr’, ‘Premium’, ‘Rezerva’, ‘Růžák’, ‘Ryšák’, ‘Školeno na kvasnicích’, ‘Víno originální certifikace (VOC nó V.O.C.)’, ‘Víno s přívlastkem’, ‘Zemské víno’, ‘Zrálo na kvasnicích’

(C/2025/352)

Laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige, agóid a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 22(1) agus Airteagal 27(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) 2019/34 ón gCoimisiún ([1]).

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Archivní víno

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Archivní víno**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1, Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— Sonraíocht cháilíochta atá ann faoi láthair:

Fíon ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, clár na n-ainmneacha faoi chosaint, cealú cosanta agus úsáid siombailí, agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas iomchuí seiceálacha (IO L 9, 11.1.2019, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/34/oj).

— Sonraíocht cháilíochta a chuirtear i bhfeidhm:

Fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) nó tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

— An fhoclaíocht reatha:

Fíon a chuirtear ar an margadh 3 bliana ar a laghad tar éis bhliain na buainte.

— An modhnú arna chur i bhfeidhm:

Fíon a chuirtear ar an margadh 3 bliana ar a laghad tar éis bhliain na buainte.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 7(2)(b) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 88/2017, arna leasú le Foraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 305/2023.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Burčák

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Burčák**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1 Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— Sonraíocht cháilíochta atá ann faoi láthair:

Fíon ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

— Sonraíocht cháilíochta a chuirtear i bhfeidhm:

Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe ag a bhfuil ATFC nó TGFC

— An fhoclaíocht reatha:

Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe, i gcás ina bhfuil an neart alcóil iarbhír níos airde ná céatadán toirte amháin agus níos ísle ná trí chúigiú den neart alcóil iomlán.

— Modhnú ar an sainmhíniú a chuirtear i bhfeidhm:

Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe a dhíorthaítear ó fhíonchaora a bhuantar agus a phróiseáiltear i bPoblacht na Seice agus uathu sin amháin. Tá an neart alcóil iarbhír níos mó ná 1 faoin gcéad de réir toirte agus níos lú ná trí chúigiú den neart alcóil iomlán. Féadfar é a thairiscint lena thomhailt go díreach ag an duine idir an 1 Lúnasa agus an 30 Samhain sa bhliain féilire inar buanadh na fíonchaora, ar choinníoll go bhfuil coipeadh á dhéanamh ar an úrfhíon fíonchaor leathchoipthe.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 15 d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 321/2004.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Jakostní likérové víno

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Jakostní likérové víno**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1, Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— An fhoclaíocht reatha:

Fíon a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice, a tháirgtear ó na fíonchaora a bhuantar ar fhíonghoirt lena mbaineann sa réigiún sonrach, níor sáraíodh an táirgeacht in aghaidh an heicteáir, rinneadh an táirgeadh sa réigiún fíona sonrach inar buanadh na fíonchaora, comhlíonann an fíon na ceanglais maidir leis an gcáilíocht a leagtar síos leis an rialachán dlí cur chun feidhme.

— Modhnú ar an sainmhíniú a chuirtear i bhfeidhm:

Likérové víno ['fíon licéir'] a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice mar jakostní likérové víno ['fíon licéir ar ardchaighdeán'] a tháirgtear ó fhíonchaora a bhuantar i bhfíonghort atá oiriúnach do jakostní víno stanovené oblasti ['fíon ar ardchaighdeán ó limistéar sonrach'] agus a bhuantar sa réigiún fíonsaothrúcháin céanna. Táirgeadh an fíon a úsáidtear chun jakostní likérové víno a tháirgeadh sa réigiún fíonsaothrúcháin inar buanadh na fíonchaora. Níor sháraigh táirgeacht in aghaidh an heicteáir an fhíonghoirt ar ar fásadh na fíonchaora 14 thona.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 22(2) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 321/2004.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Jakostní šumivé víno stanovené oblasti (nó Sekt s. o.)

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Jakostní šumivé víno stanovené oblasti (nó Sekt s. o.)**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1, Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— An fhoclaíocht reatha:

Maidir leis an bhfíon a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice, a tháirgtear ó na fíonchaora a bhuantar ar fhíonghort sainithe sa limistéar lena mbaineann, táirgeadh fíon a úsáidtear chun fíon súilíneach ar ardchaighdeán a mhonarú i réigiún sonrach sa limistéar fíonsaothrúcháin, sa limistéar sainithe, níor sáraíodh an táirgeacht in aghaidh an heicteáir de réir an mhéid seo a leanas: comhlíonann an fíon na ceanglais maidir leis an gcáilíocht a leagtar síos leis an rialachán dlí cur chun feidhme.

— Modhnú ar an sainmhíniú a chuirtear i bhfeidhm:

Jakostní šumivé víno ['fíon súilíneach ar ardchaighdeán'] a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice mar jakostní šumivé víno stanovené oblasti ['fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó limistéar sonrach']. Táirgeadh an cuvée ó fhíonchaora a bhuantar ar fhíonghort atá oiriúnach do tháirgeadh jakostní víno stanovené oblasti ['fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó limistéar sonrach'] agus sa réigiún fíonsaothrúcháin céanna. Níor sháraigh táirgeacht in aghaidh an heicteáir an fhíonghoirt ar ar fásadh na fíonchaora 14 thona. Táirgeadh an fíon a úsáidtear chun jakostní šumivé víno stanovené oblasti a tháirgeadh, lena n-áirítear an coipeadh tánaisteach, sa réigiún fíonsaothrúcháin inar buanadh na fíonchaora. Ní mhaítear aon chosaint le haghaidh an téarma 'sekt'.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 20(3) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 321/2004.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Jakostní víno

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Jakostní víno**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1, Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— An fhoclaíocht reatha:

An fíon a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice, a tháirgtear ó na fíonchaora a bhuantar ar fhíonghort sainithe sa limistéar lena mbaineann, níor feabhsaíodh an táirgeacht in aghaidh an heicteáir, shroich na fíonchaora ar táirgeadh an fíon astu an méid siúcra 15 °NM ar a laghad, rinneadh buaint agus táirgeadh fíona, cé is moite de bhuidéalú, sa réigiún fíona lena mbaineann, comhlíonann an fíon na ceanglais maidir leis an gcáilíocht a leagtar síos leis an rialachán dlí cur chun feidhme.

— Modhnú ar an sainmhíniú a chuirtear i bhfeidhm:

Fíon a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice mar jakostní víno ['fíon ar ardchaighdeán']. Táirgeadh an fíon ó fhíonchaora a bhuantar ar fhíonghort atá oiriúnach do tháirgeadh jakostní víno stanovené oblasti ['fíon ar ardchaighdeán ó limistéar sonrach'] agus sa réigiún fíonsaothrúcháin céanna. Cé is moite den trasdoirteadh, táirgeadh an fíon sa réigiún fíonsaothrúcháin inar buanadh na fíonchaora. Tá méid siúcra 15 °NM ar a laghad bainte amach ag na fíonchaora ónar táirgeadh an fíon. Níor sháraigh táirgeacht in aghaidh an heicteáir an fhíonghoirt ar ar fásadh na fíonchaora 14 thona.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 18(2) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 321/2004.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Jakostní víno odrůdové

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Jakostní víno odrůdové**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1, Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— An fhoclaíocht reatha:

Táirgtear an fíon a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice ó fhíonchaora, laíon, úrfhíon fíona, fíon a tháirgtear ó na fíonchaora a bhuantar i bhfíonghort sainithe nó trí fhíonta ar ardchaighdeán a chumasc, agus nach bhfuil níos mó ná trí chineál ann.

— Modhnú ar an sainmhíniú a chuirtear i bhfeidhm:

Fíon a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice mar jakostní víno odrůdové ['fíon cineálach ar ardchaighdeán']. Táirgtear an fíon ó fhíonchaora, marc nó úrfhíon fíona, nó ó fhíon, a tháirgtear ó fhíonchaora a bhuantar ar fhíonghort atá oiriúnach chun jakostní víno stanovené oblasti a tháirgeadh ['fíon ar ardchaighdeán ó limistéar sonrach'], nó trí suas le trí chineál jakostní víno ['fíon ar ardchaighdeán'] a chumasc. Táirgeadh an fíon ó fhíonchaora a bhuantar ar fhíonghort atá oiriúnach do tháirgeadh jakostní víno stanovené oblasti agus sa réigiún fíonsaothrúcháin céanna. Cé is moite den trasdoirteadh, táirgeadh an fíon sa réigiún fíonsaothrúcháin inar buanadh na fíonchaora. Níor sháraigh táirgeacht in aghaidh an heicteáir an fhíonghoirt ar ar fásadh na fíonchaora 14 thona.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 18(4) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 321/2004.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Jakostní víno s přívlastkem

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 2

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Jakostní víno s přívlastkem**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1, Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— An fhoclaíocht reatha:

Fíon a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice, a tháirgtear ó fhíonchaora, laíon, nó úrfhíon fíona, b'fhéidir ó fhíon a tháirgtear ó fhíonchaora a bhuantar ar fhíonghort sainithe sa limistéar nó san fholimistéar lena mbaineann; i gcás nár sáraíodh an táirgeacht in aghaidh an heicteáir; táirgeadh an fíon ó fhíonchaora, a ndearnadh a dtionscnamh, a méid siúcra agus a meáchan, más gá a gcineál nó a gcumasc cineálacha, nó ionfhabhtú le múscán liath *Botrytis cinerea P.* i bhfoirm lobhadh uasal a fhíorú leis an gCigireacht agus a chomhlíonann na ceanglais maidir le cineál áirithe fíona ar ardchaighdeán lena ngabhann saintréithe, nó trí fhíonta cáilíochta lena ngabhann saintréithe a chumasc, comhlíonann an fíon na ceanglais maidir leis an gcáilíocht a leagtar síos leis an rialachán dlí cur chun feidhme, d'aicmigh an Chigireacht an fíon mar fhíon ar ardchaighdeán lena ngabhann ceann amháin de na saintréithe seo a leanas:

— Ní féidir 'Kabinetní víno' a tháirgeadh ach amháin ó fhíonchaora a shroicheann a méid siúcra 19 °NM ar a laghad,

— Ní féidir 'Pozdní sběr' a tháirgeadh ach amháin ó fhíonchaora a shroicheann a méid siúcra 21 °NM ar a laghad,

— Ní féidir 'Výběr z hroznů' a tháirgeadh ach amháin ó fhíonchaora a shroicheann a méid siúcra 24 °NM ar a laghad, ní cheadaítear 'Výběr z bobulí' a tháirgeadh ach amháin ó na caora roghnaithe, a shroich an méid siúcra 27 °NM ar a laghad,

— ní cheadaítear 'Výběr z cibéb' a tháirgeadh ach amháin ó na caora roghnaithe a dhéanann an lobhadh uasal difear dóibh nó ó chaora ró-aibí, a shroich an méid siúcra 32 °NM ar a laghad,

— ní cheadaítear 'Ledové víno' a tháirgeadh ach amháin ó na fíonchaora a bhuantar ag na teochtaí -7 °C agus níos ísle agus a fágadh reoite le linn na buainte agus na próiseála agus a léiríonn an t-úrfhíon fíona a fhaightear an méid siúcra 27 ° NM ar a laghad,

— ní cheadaítear 'Slámové víno' a tháirgeadh ach amháin ó na fíonchaora a stóráiltear roimh phróiseáil ar an tuí nó ar an ngiolcach, más gá iad a chrochadh i seomra aeráilte ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad, agus a léiríonn an t-úrfhíon a fhaightear an méid siúcra 27 °NM ar a laghad.

— Modhnú ar an sainmhíniú a chuirtear i bhfeidhm:

Fíon a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice mar jakostní víno s přívlastkem ['fíon ar ardchaighdeán a bhfuil saintréith aige']. Táirgtear an fíon ó fhíonchaora, marc nó úrfhíon fíonchaor, nó ó fhíon, a tháirgtear ó fhíonchaora a bhuantar ar fhíonghort atá oiriúnach chun jakostní víno stanovené oblasti a tháirgeadh ['fíon ar ardchaighdeán ó limistéar sonrach']. Buanadh na fíonchaora san fhoréigiún fíonsaothrúcháin céanna agus táirgeadh an fíon sa réigiún fíonsaothrúcháin inar buanadh na fíonchaora. Rinneadh an fíon as fíonchaora ar fhíoraigh Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice a dtionscnamh, a méid siúcra agus a meáchan, nó a gcineál nó meascán de chineálacha, nó a n-inmhíolú le lobhadh uasal *Botrytis cinerea*. Comhlíonann na fíonchaora na ceanglais maidir le gach cineál fíonta jakostní víno s přívlastkem nó cumasc fíonta jakostní víno s přívlastkem. Níor sháraigh táirgeacht in aghaidh an heicteáir an fhíonghoirt ar ar fásadh na fíonchaora 14 thona. Rinne Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice an fíon a aicmiú mar jakostní víno ag a bhfuil ceann de na saintréithe seo a leanas:

— Ní féidir 'Kabinetní víno' ['fíon caibinéid'] a tháirgeadh ach amháin ó fhíonchaora ag a bhfuil méid siúcra 19 °NM ar a laghad.

— Ní féidir 'Pozdní sběr' ['buaint dhéanach'] a tháirgeadh ach amháin ó fhíonchaora ag a bhfuil méid siúcra 21 °NM ar a laghad.

— Ní féidir 'Výběr z hroznů' ['roghnú fíonchaor'] a tháirgeadh ach amháin ó fhíonchaora ag a bhfuil méid siúcra 24 °NM ar a laghad.

— Ní féidir 'Výběr z bobulí' ['roghnú caor'] a tháirgeadh ach amháin ó chaora fíonchaor roghnaithe a bhfuil méid siúcra 27 °NM ar a laghad iontu. Buantar na fíonchaora de láimh.

— Ní féidir 'Výběr z cibéb' ['roghnú fíonchaor rísínithe'] a tháirgeadh ach amháin ó chaora roghnaithe atá ionfhabhtaithe le lobhadh uasal nó atá ró-aibí, agus a bhfuil méid siúcra 32 °NM ar a laghad acu. Buantar na fíonchaora de láimh.

— Ní féidir 'Ledové víno' ['oighearfhíon'] a tháirgeadh ach amháin ó fhíonchaora a buanadh ag teocht -7 °C nó níos ísle agus a fágadh reoite le linn na buainte agus na próiseála; ní mór méid siúcra 27 °NM ar a laghad a bheith san úrfhíon a bhíonn mar thoradh air sin. Buantar na fíonchaora de láimh.

— Ní féidir 'Slámové víno' ['fíon tuí'] a tháirgeadh ach amháin ó fhíonchaora a stóráiltear ar thuí nó ar ghiolcacha nó a crochadh i seomra aeráilte ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh an bpróiseáil, a léiríonn an t-úrfhíon a fhaightear méid siúcra 27 °NM ar a laghad. I gcás ina bhfuil méid siúcra 32 °TM ar a laghad san úrfhíon tar éis 2 mhí, féadfar brú a dhéanamh. Buantar na fíonchaora de láimh.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 19 d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 321/2004.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Jakostní víno známkové

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Jakostní víno známkové**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1, Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— An fhoclaíocht reatha:

Táirgtear an fíon a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice ó fhíonchaora, laíon, úrfhíon fíona, b'fhéidir ón bhfíon a tháirgtear ó fhíonchaora a bhuantar ar fhíonghort sainithe.

— Modhnú ar an sainmhíniú a chuirtear i bhfeidhm:

Fíon a aicmíonn Údarás Cigireachta Talmhaíochta agus Bia na Seice mar jakostní víno známkové ['fíon brandáilte ar ardchaighdeán']. Táirgtear an fíon ó mheascán d'fhíonchaora, marc nó úrfhíon fíona, nó ó fhíon, a tháirgtear ó fhíonchaora a bhuantar ar fhíonghort atá oiriúnach chun jakostní víno stanovené oblasti a tháirgeadh ['fíon ar ardchaighdeán ó limistéar sonrach'], nó trí jakostní víno ['fíon ar ardchaighdeán'] a chumasc. Táirgeadh an fíon ó fhíonchaora a bhuantar ar fhíonghort atá oiriúnach do tháirgeadh jakostní víno stanovené oblasti agus sa réigiún fíonsaothrúcháin céanna. Cé is moite den trasdoirteadh, táirgeadh an fíon sa réigiún fíonsaothrúcháin inar buanadh na fíonchaora. Níor sháraigh táirgeacht in aghaidh an heicteáir an fhíonghoirt ar ar fásadh na fíonchaora 14 thona.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 18(5) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 321/2004.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Klaret

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Klaret**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1 Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— Sonraíocht cháilíochta atá ann faoi láthair:

Fíon ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

— Sonraíocht cháilíochta a chuirtear i bhfeidhm:

Fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) nó tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

— An fhoclaíocht reatha:

Fíon a tháirgtear ó na fíonchaora dubha gan coipeadh ar chraicne.

— An modhnú arna chur i bhfeidhm:

Fíon geal a dhéantar as fíonchaora dubha gan choipeadh.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 7(2)(f) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 88/2017, arna leasú le Foraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 305/2023.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Košer (nó Košer víno)

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Košer (nó Košer víno)**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1 Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— An fhoclaíocht reatha:

Fíon a táirgeadh tríd an modh liotúirgeach de réir bhrí rialacha an Phobail Ghiúdaigh.

— Modhnú ar an sainmhíniú a chuirtear i bhfeidhm:

Féadfar fíon a ainmniú ar an mbealach sin má tá toiliú i scríbhinn tugtha ag an sainchreideamh nó ag an bpobal reiligiúnach lena mbaineann maidir le fíon arna ainmniú amhlaidh a chur ar an margadh. Toirmisctear fíon arna ainmniú amhlaidh a chur ar an margadh gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón sainchreideamh nó ón bpobal reiligiúnach lena mbaineann.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 16(5) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 321/2004.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Krášleno na kvasnicích

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Krášleno na kvasnicích**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1 Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— Sonraíocht cháilíochta atá ann faoi láthair:

Fíon ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

— Sonraíocht cháilíochta a chuirtear i bhfeidhm:

Fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) nó tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

— An fhoclaíocht reatha:

Fágadh fíon ar an moirt ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad le linn an táirgthe.

— An modhnú arna chur i bhfeidhm:

Le linn an táirgthe, fágadh an fíon ar ghiosta ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 7(2)(e) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 88/2017, arna leasú le Foraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 305/2023.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Labín

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Labín**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1 Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— Sonraíocht cháilíochta atá ann faoi láthair:

Fíonta ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

— Sonraíocht cháilíochta a chuirtear i bhfeidhm:

Fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) nó tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

— An fhoclaíocht reatha:

Fíon ó fhíonchaora dubha, a táirgeadh gan choipeadh ar chraicne i réigiún fíona na Seice.

— An modhnú arna chur i bhfeidhm:

Fíon a dhéantar as fíonchaora dubha gan choipeadh i réigiún fíonsaothrúcháin Čechy.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 7(2)(g) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 88/2017, arna leasú le Foraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 305/2023.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Mešní víno

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Mešní víno**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1, Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— An fhoclaíocht reatha:

Fíon a táirgeadh trí mhodh liotúirgeach agus a chomhlíonann na coinníollacha lena úsáid le linn na ngníomhartha liotúirgeacha faoi chuimsiú cheiliúradh na hEaglaise Caitlicí.

— Modhnú ar an sainmhíniú a chuirtear i bhfeidhm:

Féadfar fíon a ainmniú ar an mbealach sin má tá toiliú i scríbhinn tugtha ag an sainchreideamh nó ag an bpobal reiligiúnach lena mbaineann maidir le fíon arna ainmniú amhlaidh a chur ar an margadh. Toirmisctear fíon arna ainmniú amhlaidh a chur ar an margadh gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón sainchreideamh nó ón bpobal reiligiúnach lena mbaineann.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 16(5) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 321/2004.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Mladé víno

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Mladé víno**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1, Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

Uimhir theileafóin, facs, ríomhphost: Teil. +420 221811111, Ríomhphost: info@mze.cz

Tuairisc ar an modhnú:

— Sonraíocht cháilíochta atá ann faoi láthair:

Fíon ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

— Sonraíocht cháilíochta a chuirtear i bhfeidhm:

Fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) nó tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

— An fhoclaíocht reatha:

Fíon a thairgtear lena thomhailt don tomhaltóir deiridh ar a dhéanaí faoi dheireadh na bliana féilire, ina ndearnadh na fíonchaora a úsáideadh chun an fíon sin a tháirgeadh a bhuaint.

— An modhnú arna chur i bhfeidhm:

Fíon lena thomhailt don tomhaltóir deiridh, a chuirtear ar an margadh ar a dhéanaí faoin 30 Aibreán den bhliain tar éis bhliain buainte na bhfíonchaor a úsáidtear chun an fíon a tháirgeadh.

Míniú ar fhoras an mhodhnaithe

Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin Roinn 7(2)(c) d'Fhoraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 88/2017, arna leasú le Foraithne Cur Chun Feidhme Uimh. 305/2023.

Ainm an tsínitheora: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Síniú:

Iarratas ar mhodhnú a bhaineann leis an téarma traidisiúnta Panenská sklizeň

Dáta fála: 9.11.2023

An líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 1

Teanga ina n-iarrtar an modhnú: Seicis

Uimhir an chomhaid: Ares(2023)7688953

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an modhnú ina leith: **Panenská sklizeň**

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an mhodhnaithe: An Roinn Fíonta, an Aireacht Talmhaíochta

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír): Těšnov 65/17, 110 00 Prág 1, Poblacht na Seice

Náisiúntacht:

